



Treoir d'Abhcóidí Cleachtacha atá i bhFostaíocht maidir le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

1. Is é is cuspóir don Nóta Treorach seo abhcóidí cleachtacha a chur ar an eolas maidir leis na himpleachtaí atá ann dóibh de bharr Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú.
2. Tá doiciméid Threoracha eile, lena n-áirítear “*Nóta Treorach maidir le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha*”, ina leagtar amach agus ina mínítear na forálacha reachtúla éagsúla atá mar thaca le hoibriú Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, le fáil ar shuíomh gréasáin ÚRSD, sa chuid a bhaineann le [Barristers](#).
3. Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (“ÚRSD” anseo ina dhiaidh seo), faoi cheangal faoi Chuid 9 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (“an tAcht” anseo ina dhiaidh seo) Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú agus a chothabháil. Cuireadh tús le feidhm na bhforálacha i gCuid 9 den Acht a bhaineann leis an Rolla a bhunú agus a chothabháil an 29 Meitheamh 2018.
4. Is clár dinimiciúil poiblí de gach abhcóide atá i dteideal seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát é Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.
5. Faoi alt 133(1) den Acht, tá an tÚdarás faoi cheangal Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú agus a chothabháil agus, laistigh de shé mhí ón dáta tosach feidhme, ainm gach duine is abhcóide cleachtach an dáta tosach feidhme a thaifeadadh ar an Rolla.
6. Faoi alt 136 den Acht, tar éis a thosach feidhme, is cion é abhcóide cáilithe do sholáthar seirbhísí dlí mar abhcóide tráth nach mbeidh a ainm nó a hainm taifeadta ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

An gá duit iarratas a dhéanamh chun bheith ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha?

7. Más rud é gur abhcóide i bhfostaíocht tú, b'fhéidir go bhfuil ceist agat i dtaobh an gá duit iarratas a dhéanamh chun bheith ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

8. Faoin Acht, tá dhá ghné fíorthábhachtacha ann lena gcinnfear cibé acu an abhcóide cleachtach duine nó nach ea: **cáilíocht** agus **gníomhaíocht**.
9. Is abhcóide cleachtach aon abhcóide **cáilithe** a **sholáthraíonn**, nó a **thugann le tuiscint go soláthraíonn sé nó sí, seirbhísí dlí** mar abhcóide in Éirinn.

Cáilíocht

10. Tá an míniú ar abhcóide cáilithe in alt 2(1) d'Acht 2015.

11. Is abhcóide cáilithe abhcóide más rud é:

- (a) go mbeidh sé nó sí glactha ag Cumann Onórach Óstaí na Rí le haghaidh céim Abhcóide Dlí
- (b) go mbeidh sé nó sí glaoite chun Barra na hÉireann; nó
- (c) gur 'dlíodóir cláraithe' é nó í faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíodóirí a Bhunú)

mura rud é gur tháinig sé nó sí chun bheith ina aturnae nó ina haturnae ina dhiaidh sin nó go mbeidh sé nó sí díbharraithe nó go mbeidh a ainm nó a hainm bainte de Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha nó de Rolla na nAturnaetha, i gcás go mbeidh éifeacht fós leis an ordú chun é nó í a dhíbharrú nó a ainm nó a hainm a bhaint den rolla.

Gníomhaíocht

12. Déantar aird abhcóidí cáilithe i bhfostaíocht a tharraingt ar na mínithe ar 'seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide' agus ar an míniú gaolmhar ar 'comhairle dlí'.
13. Maidir le comhairle dlí a sholáthar do dhuine eile, is gníomhaíocht í, nuair a dhéanann abhcóide cáilithe í a ghabháil de lámh, arb éard í seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide.
14. Tá an míniú ar 'comhairle dlí' san Acht an-leathan. Ní dhéantar aon fhoráil san Acht maidir le haon íostairseach gníomhaíochta arb éard í seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide.
15. Maidir leis an gceist i dtaobh an bhfuil duine ag gníomhú faoi chonradh seirbhíse no faoi chonradh le haghaidh seirbhísí, ní chinntear cibé acu an ionann gníomhaíocht agus seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide.
16. Ba chóir d'abhcóidí cáilithe i bhfostaíocht a thabhairt dá n-aire:

- (a) nach gcinntear le teideal poist duine cibé acu an abhcóide cleachtach tú nó nach ea;
- (b) nach gcinntear, leis an gcaoi a thugann tú tú féin le tuiscint, cibé acu an abhcóide cleachtach tú nó nach ea;
- (c) nach gcinntear, de bharr an fhórais go soláthraíonn tú seirbhísí dlí go heisiach do d'fhostóir, cibé acu an abhcóide cleachtach tú nó nach ea.

17. Tagann abhcóidí cáilithe a sholáthraíonn seirbhísí dlí mar chuid dá bhfostaíocht faoi réim an mhíneithe ar 'abhcóide cleachtach' faoin Acht agus tá siad faoi cheangal a n-ainmneacha a thaifeadadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

Cód Cleachtais

18. Eiseoidh ÚRSD 'Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha' in am trátha. Idir an dá linn, ba chóir do gach abhcóide cáilithe aird a thabhairt ar 'Cód Gairmiúil Chumann Onórach Óstaí na Rí' (a tháinig in éifeacht an 9 Aibreán 2018).

Láithriú i gCúirt thar ceann d'Fhostóra

19. Déanfar foráil le halt 212 den Acht, tar éis a thosach feidhme, chun go bhféadfaidh abhcóide fostaithe seirbhísí dlí a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir, lena n-áirítear trí láithriú thar ceann an fhostóra sin i gcúirt, i mbinse nó i bhfóram le haghaidh eadrána.

20. Cuirfear tuilleadh faisnéise ar fáil i ndáil le himpleachtaí na forála sin tar éis a thosach feidhme.

An Tobhach

21. Níl tús curtha go fóill le feidhm Chuid 7 den Acht, dar teideal "*Tobhach a Fhorchur ar Chomhlachtaí Gairmiúla agus ar Abhcóidí Áirithe faoi chomhair Chaiteachais an Údaráis agus an Bhinse Araíonachta*". Nuair a chuirfear tús le feidhm na bhforálacha iomchuí a bhaineann leis an tobhach, beidh gach abhcóide cleachtach, mura mbeidh sé nó sí díolmhaithe, faoi dhliteanas ranníoc tobhaigh a íoc.

22. Más rud é gur comhalta den Leabharlann Dlí abhcóide cleachtach, baileoidh Barra na hÉireann an ranníoc tobhaigh uaidh nó uaithe, agus íocfaidh an comhlacht sin ranníoc tobhaigh carnach leis an ÚRSD thar ceann na n-abhcóidí sin.

23. Más rud é nach comhalta den Leabharlann Dlí abhcóide cleachtach, agus nach bhfuil sé nó sí díolmhaithe ón tobhach a íoc, gheobhaidh sé nó sí fógra measúnachta tobhaigh aonair ón Údarás.

24. Faoi alt 96(3) den Acht, áirítear ar na himpleachtaí atá ann i gcás nach n-íocfar an ranníoc tobhaigh go bhféadfar duine a bhaint de Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

25. Faoi alt 97 den Acht, tá sé d'oibleagáid ar abhcóidí cleachtacha atá 'i seirbhís lánaimsire an Stáit' a bheith ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, ach beidh siad díolmhaithe ó aon íocaíochtaí tobhaigh.

Iarratas a dhéanamh chun d'ainm a Thaifeadadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

26. Tá foirm iarratais chun d'ainm a thaifeadadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRSD. Iarrtar ar gach abhcóide cleachtach an fhoirm sin a chomhlíonadh agus a chur faoi bhráid an Údaráis a luaithe is féidir chun taifeadadh a ainm nó a hainm ar an Rolla a éascú.

ÚRSD Deireadh Fómhair 2018